Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Lúnasa 2020**
**(OR. en)**

**10290/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0182 (NLE)**

**AELE 44**
**ISL 21**
**UD 149**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ilze JUHANSONE, Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh |
| dáta a fuarthas: | 25 Lúnasa 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 397 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 397 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 397 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.8.2020
COM(2020) 397 final

2020/0182 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo leis an gcinneadh lena leagtar síos an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gComhchoiste an Chomhaontaithe idir an tAontas agus an Íoslainn i ndáil le Cinneadh a bheartaítear a ghlacfar, Cinneadh lena leasaítear Prótacal 3 den Chomhaontú idir an tAontas agus an Íoslainn.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Comhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, den pháirt eile

Is é is aidhm don Chomhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, den pháirt eile[1] ("an Comhaontú"), forbairt chomhchuí an chaidrimh eacnamaíoch idir na páirtithe a chur chun cinn tríd an trádáil chómhalartach a leathnú. Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1 Aibreán 1973.

### 2.2. An Comhchoiste

Féadfaidh an Comhchoiste, arna bhunú i gcomhréir le forálacha Airteagal 30 den Chomhaontú, a chinneadh forálacha Phrótacal 3 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin a leasú (Airteagal 3 de Phrótacal 3). Is trí chomhaontú idir an dá Pháirtí a tharraingíonn an Comhchoiste suas a chuid cinntí agus moltaí.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ag an gComhchoiste

Sa chéad chruinniú eile a bheidh aige nó trí mhalartú litreacha, tá i gceist go nglacfaidh an Comhchoiste Cinneadh maidir le leasú ar fhorálacha Phrótacal 3 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin ("an gníomh atá beartaithe").

Is é cuspóir an ghnímh atá beartaithe leasú a dhéanamh ar fhorálacha Phrótacal 3 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin.

## 3. AN SEASAMH A GHLACFAR THAR CEANN AN AONTAIS

Leis an gCoinbhinsiún Réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ('an Coinbhinsiún') leagtar síos forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na Comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha. Shínigh an tAontas Eorpach agus an Íoslainn an Coinbhinsiún an 15 Meitheamh 2011 agus an 30 Meitheamh 2011, faoi seach.

Rinne an tAontas agus an Íoslainn a n-ionstraim ghlactha a thaisceadh le taiscí an Choinbhinsiúin an 26 Márta 2012 agus an 12 Márta 2012, faoi seach. Mar thoradh air sin, agus trí Airteagal 10(2) a chur i bhfeidhm, tháinig an Coinbhinsiún i bhfeidhm maidir leis an Aontas agus an Íoslainn an 1 Bealtaine 2012.

Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go héifeachtach. Chuige sin, ba cheart don Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta

[1] IO L 301, 31.12.1972, lch. 2.

na hEorpa, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, den pháirt eile, Cinneadh a ghlacadh lena dtabharfar isteach rialacha an Choinbhinsiúin faoi Phrótacal 3 a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin. Déantar é sin trí thagairt don Choinbhinsiún a thabhairt isteach sa Phrótacal leasaithe ionas go mbeidh sé infheidhme.

An tráth céanna, mar thoradh ar an bpróiseas leanúnach a bhaineann leis an gCoinbhinsiún a leasú thángthas ar thacar nua rialacha tionscnaimh atá nuachóirithe agus níos solúbtha. Chun leasú foirmiúil a dhéanamh ar an gCoinbhinsiún ní mór do na Páirtithe Conarthacha vótáil d'aon toil. Tá an baol ann go gcuirfear moill ar ghlacadh an leasaithe ós rud é go bhfuil agóidí fós ag roinnt Páirtithe Conarthacha i gcoinne an leasaithe sin. Ina theannta sin, i bhfianaise líon na bPáirtithe Conarthacha agus a gcuid nósanna imeachta inmheánacha féin is gá a bheith in ann vótáil ar an nglacadh foirmiúil agus ullmhú do theacht i bhfeidhm na rialacha leasaithe, ní féidir aon chreat ama soiléir a leagan síos le haghaidh chur i bhfeidhm an Choinbhinsiúin leasaithe.

Ós amhlaidh atá, tá iarrtha ag an Íoslainn go gcuirfí an tacar rialacha leasaithe i bhfeidhm a luaithe is féidir, mar mhalairt ar na rialacha atá ann faoi láthair sa Choinbhinsiún, go dtí go mbeidh toradh ar an bpróiseas leasúcháin. Mínítear an iarraidh sin thíos.

Tá na rialacha tionscnaimh malartacha seo ceaptha lena gcur i bhfeidhm go sealadach, ar bhonn roghnach déthaobhach, ag an Aontas agus ag an Íoslainn go dtí go dtabharfar an leasú ar an gCoinbhinsiún i gcrích agus go dtiocfaidh an leasú sin i bhfeidhm. Beartaítear iad a chur i bhfeidhm mar rogha mhalartach ar rialacha an Choinbhinsiúin, ar rialacha iad a bheidh gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe ábhartha agus i gcomhaontuithe déthaobhacha gaolmhara eile idir na Páirtithe Conarthacha. Dá réir sin, ní bheidh na rialacha seo éigeantach, ach i gcás oibreoirí eacnamaíocha ar mian leo úsáid a bhaint as scéim fhabhrach a bheidh bunaithe ar na rialacha sin seachas scéim fhabhrach atá bunaithe ar an gCoinbhinsiún, féadfaidh siad iad a chur i bhfeidhm ar bhonn roghnach. Níl sé beartaithe an Coinbhinsiún a mhodhnú leo, coinbhinsiún a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige idir na Páirtithe Conarthacha, agus ní athrófar leo cearta ná oibleagáidí na bPáirtithe Conarthacha faoin gCoinbhinsiún.

I dtaca leis an seasamh a ghlacfaidh an tAontas laistigh den Chomhchoiste, ba cheart don Chomhairle an seasamh sin a bhunú.

Is leasuithe teicniúla iad na leasuithe atá beartaithe a mhéid a bhaineann siad leis an gCoinbhinsiún atá ann faoi láthair agus ní dhéanann siad difear do shubstaint an phrótacail maidir le rialacha tionscnaimh atá i bhfeidhm faoi láthair. Dá bhrí sin, ní gá measúnú tionchair a dhéanamh ina leith.

### 3.1. Sonraí na rialacha malartacha tionscnaimh

Leis na leasuithe atá beartaithe, ar leasuithe iad a bhaineann le tacar malartach rialacha tionscnaimh a thabhairt isteach, déantar foráil maidir le solúbthachtaí agus gnéithe breise den nuachóiriú, ar tháinig an tAontas ar chomhaontú maidir leo cheana i gcomhaontuithe déthaobhacha eile (Comhaontú Cuimsitheach Eacnamaíoch agus Trádála idir an tAontas Eorpach agus Ceanada, Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus Vítneam, Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas agus an tSeapáin, Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir Comhphobal Forbraíochta Dheisceart na hAfraice agus an tAontas Eorpach) nó i scéimeanna fabhracha (Córas Ginearálaithe um Fhabhair). Is iad seo a leanas na príomhrialacha malartacha:

(a) Táirgí a fuarthas go hiomlán - coinníollacha “soithí”:

Na coinníollacha soithí, mar a thugtar orthu, atá sa tacar rialacha malartach, tá siad níos simplí agus tugtar níos mó solúbthachta leo. I gcomparáid leis an téacs atá ann faoi láthair (Airteagal 5) tá coinníollacha áirithe scriosta (i.e. ceanglais shonracha maidir le criú); rinneadh leasú ar roinnt eile chun foráil a dhéanamh maidir le níos mó solúbthachta (úinéireacht).

(b) Oibriú nó próiseáil leordhóthanach – Bonn meánluachanna

Leis an tacar rialacha malartach atá beartaithe (Airteagal 4) tugtar solúbthacht don onnmhaireoir údarú a iarraidh ar na húdaráis chustaim chun an praghas díreach ón monarcha agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a ríomh ar bhonn meánluachanna chun luaineachtaí i gcostais agus i rátaí airgeadra a chur san áireamh. Leis sin ba cheart gur mhó an méid intuarthachta a bheadh ann d'onnmhaireoirí.

(c) Lamháltas

An lamháltas atá ann faoi láthair (Airteagal 6) tá sé socraithe ag luach 10 % de phraghas an táirge díreach ón monarcha.

Leis an téacs atá beartaithe (Airteagal 5) déantar foráil maidir le lamháltas 15 % de ghlanmheáchan an táirge i gcás táirgí talmhaíochta, agus déantar foráil maidir le lamháltas 15 % de luach phraghas an táirge díreach ón monarcha i gcás táirgí tionsclaíochta.

Tugtar isteach critéar is oibiachtúla leis an lamháltas meáchain agus le tairseach 15 % ba cheart go mbeadh leibhéal leordhóthanach trócaire ann. Áirithítear freisin leis an lamháltas meáchain nach mbeidh tionchar ag an luaineacht i bpraghsanna idirnáisiúnta na dtráchtearraí ar thionscnamh na dtáirgí talmhaíochta.

(d) Carnadh

Leis an téacs atá beartaithe (Airteagal 7) coinnítear ar bun carnadh trasnánach do gach táirge ar choinníoll go nglacfaidh na rannpháirtithe atá rannpháirteach sa charnadh leis an tacar céanna rialacha tionscnaimh. Ina theannta sin, déantar foráil maidir le carnadh iomlán ginearálaithe le haghaidh gach táirge seachas teicstílí agus éadaí a liostaítear i gCaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe (CC).

Thairis sin, déantar foráil maidir le carnadh iomlán déthaobhach le haghaidh táirgí atá faoi Chaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe. Ar deireadh, beidh an rogha ag an Aontas agus ag an Íoslainn teacht ar chomhaontú maidir leis an gcarnadh iomlán ginearálaithe a leathnú chuig táirgí atá faoi Chaibidlí 50-63 den Chóras Comhchuibhithe.

(e) Deighilt chuntasaíochta

Faoi na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 20 den “Choinbhinsiún”) féadfaidh údaráis chustaim deighilt chuntasaíochta a údarú “i gcás ina mbíonn deacrachtaí suntasacha ó thaobh costais nó ábhair de chun stoic ar leithligh a choimeád”. Sonraítear leis an riail leasaithe (Airteagal 12) go bhféadfaidh údaráis chustaim deighilt chuntasaíochta a údarú “i gcás ina mbíonn ábhair idirmhalartacha thionscnaimh agus neamhthionscnaimh in úsáid”.

Ní bheidh ar onnmhaireoir údar cuí a thabhairt a thuilleadh nuair a bheidh údarú le haghaidh deighilt chuntasaíochta á iarraidh aige, á rá go bhfuil costas nach beag ag baint le stoic ar leithligh a choimeád nó go dtagann deacrachtaí as ó thaobh ábhair de; is leor a shonrú go bhfuil ábhair idirmhalartacha á n-úsáid.

I gcás siúcra, ós rud é gur ábhar nó táirge deiridh é, ní bheidh gá a thuilleadh le stoic thionscnaimh agus neamhthionscnaimh a choimeád scartha go fisiceach.

(f) Prionsabal an chríochachais

Leis na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 12), ceadaítear oibriú nó próiseáil áirithe a dhéanamh lasmuigh den chríoch, faoi choinníollacha áirithe, seachas táirgí atá faoi Chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe, amhail teicstílí. An t-eisiamh maidir le teicstílí níl sé sna rialacha atá beartaithe (Airteagal 12) níos mó.

(g) Neamhathrú

Leis an riail maidir le neamhathrú atá beartaithe (Airteagal 14), déantar foráil maidir le níos mó trócaire i leith ghluaiseacht na dtáirgí tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha. Ba cheart go seachnófaí leis sin cásanna ina ndéantar táirgí, nach bhfuil aon amhras faoina stádas tionscnaimh, a eisiamh ó shochar an ráta fhabhraigh tráth a n-allmhairithe toisc nach gcomhlíontar ceanglais fhoirmiúla na forála maidir le hiompar díreach.

(h) Toirmeasc ar aisíocaíocht dleachtanna custaim nó ar dhíolúine uathu

Faoi na rialacha atá ann faoi láthair (Airteagal 15) tá feidhm ag prionsabal ginearálta an toirmisc ar aisíocaíocht dleachta custaim maidir le hábhair a úsáidtear chun aon táirge a mhonarú. Faoi na rialacha atá beartaithe (Airteagal 16) cuirtear deireadh leis an toirmeasc le haghaidh gach táirge, seachas ábhair a úsáidtear chun táirgí a mhonarú a thagann faoi raon feidhme Chaibidlí 50 go 63. Déantar foráil sa téacs, áfach, maidir le roinnt eisceachtaí ón toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta ar na táirgí sin.

(i) Cruthúnas ar thionscnamh

Tugtar isteach leis an téacs cineál amháin cruthúnais ar thionscnamh (EUR.1 nó dearbhú tionscnaimh), seachas an cur chuige dúbailte EUR.1 agus EUR.MED, rud a shimplíonn an córas go mór. Ba cheart go gcuirfeadh sin feabhas ar chomhlíontacht na n-oibreoirí eacnamaíocha trí bhotúin, a dhéanfaí de dheasca rialacha casta, a sheachaint chomh maith le bainistíocht na n-údarás custaim a éascú. Thairis sin, níor cheart go ndéanfadh sé difear don inniúlacht cruthúnais ar thionscnamh a fhíorú, inniúlacht nach bhfuil aon athrú tagtha uirthi.

Áirítear sna rialacha leasaithe (Airteagal 17) freisin rogha chun cur i bhfeidhm córais onnmhaireoirí cláraithe (REX) a chomhaontú. Is ar na honnmhaireoirí sin, a bheidh cláraithe i mbunachar sonraí coiteann, a bheidh an fhreagracht ráitis tionscnaimh a dhéanamh amach iad féin gan dul trí nós imeachta an onnmhaireora fhormheasta. Beidh an stádas dlí céanna ag an ráiteas tionscnaimh agus atá ag an dearbhú tionscnaimh nó ag an deimhniú gluaiseachta EUR.1.

Chomh maith leis sin, tá sé beartaithe leis na rialacha leasaithe go mbeidh an rogha ann teacht ar chomhaontú maidir le húsáid an chruthúnais ar thionscnamh, a eisítear agus/nó a chuirtear isteach go leictreonach.

Chun gur féidir na táirgí tionscnaimh atá faoi réir an tacair rialacha mhalartaigh a idirdhealú ó na táirgí tionscnaimh atá faoi réir an Choinbhinsiúin, ní mór ráiteas a léiríonn na rialacha arna gcur i bhfeidhm a chur san áireamh sna deimhnithe tionscnaimh nó sna dearbhuithe sonraisc a bheidh bunaithe ar an tacar rialacha malartach.

(j) Bailíocht an chruthúnais ar thionscnamh

Tá sé molta síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an chruthúnais ar thionscnamh ó 4 mhí go 10 mí. Ba cheart go ndéanfadh sé foráil maidir le níos mó trócaire arís i leith ghluaiseacht na dtáirgí tionscnaimh idir na Páirtithe.

### 3.2. Rialacha liosta

*3.2.1. Táirgí talmhaíochta*

(a) Luach agus meáchan

Is i luach, agus i luach amháin, a sloinneadh teorainn na n-ábhar neamhthionscnaimh. Is i meáchan a shloinntear na tairseacha nua chun luaineacht i bpraghsanna agus luaineacht san airgeadra a sheachaint (e.g. ex caibidlí 19, 20, 2105, 2106) mar aon le teorainn áirithe le haghaidh siúcra (e.g. caibidil 8 nó Córas Comhchuibhithe 2202) a scriosadh.

Leis an tacar rialacha malartach ardaíodh an tairseach le haghaidh meáchain (ó 20 % go 40 %) agus tugadh isteach an fhéidearthacht rogha mhalartach luacha nó meáchain a úsáid le haghaidh ceannteidil áirithe. Go háirithe, is iad na caibidlí agus ceannteidil an Chórais Chomhchuibhithe lena mbaineann an t-athrú: ex-1302, 1704 (meáchan nó luach faoin riail mhalartach), 18 (1806: meáchan nó luach faoin riail mhalartach), 1901.

(b) Oiriúnú do phatrúin foinsithe

Tá táirgí talmhaíochta eile (i.e. olaí glasraí, cnónna, tobac) faoi réir rialacha is solúbtha atá oiriúnaithe don fhíorchás eacnamaíoch, go háirithe i gcás caibidlí 14, 15, 20 (lena n-áirítear ceannteideal 2008), 23, 24. Leis an tacar rialacha malartach baintear amach cothromaíocht idir an foinsiú réigiúnach agus an foinsiú domhanda mar atá i gcás caibidlí 9 agus 12. Rinneadh simpliú ar rialacha freisin (laghdú ar na heisceachtaí) i gcaibidlí 4, 5, 6, 8, 11, ex-13.

*3.2.2. Táirgí tionsclaíocha (seachas teicstílí)*

I dtaca leis an gcomhréiteach atá beartaithe tá athruithe suntasacha ann i gcomparáid leis na rialacha atá ann faoi láthair:

- maidir le roinnt táirgí tá coinníoll carntha dúbailte sa riail atá ann faoi láthair i gcomhréir leis an gCaibidil. Déantar coinníoll amháin de seo (Caibidlí CC 74, 75, 76, 78 agus 79);

- scriosadh líon mór rialacha sonracha, ar maolú iad ón riail atá i gcomhréir leis an gCaibidil (Caibidlí CC 28, 35, 37, 38 agus 83). Leis an gcur chuige is cothrománaí sin tugtar lánléargas níos simplí d'oibreoirí agus do lucht custaim;

- tá riail mhalartach curtha san áireamh sa riail atá ann faoi láthair atá i gcomhréir leis an gCaibidil, rud a thabharfaidh breis roghanna don onnmhaireoir agus an critéar tionscnaimh á chomhlíonadh aige (Caibidlí 27, 40, 42, 44, 70 agus 83, 84 agus 85).

Is é a bheidh mar thoradh ar na hathruithe sin go léir rialacha liosta nuashonraithe nuachóirithe go mbeidh sé níos fusa é, tríd is tríd, an critéar le haghaidh stádas tionscnaimh táirge a chomhlíonadh. Ina theannta sin, leis an bhféidearthacht thuasluaite maidir le bonn meánluachanna a úsáid thar thréimhse ama chun an praghas díreach ón monarcha agus an luach neamhthionscnaimh a ríomh, cuirfear breis simplithe ar fáil d'onnmhaireoirí.

*3.2.3. Teicstílí*

I ndáil le teicstílí agus baill éadaigh, tugadh isteach roghanna nua maidir le próiseáil amach agus lamháltais. Tugadh isteach próisis nua chomh maith chun stádas tionscnaimh a thabhairt i dtaca leis na táirgí sin, go háirithe le haghaidh fabraic a mbeadh sé ag éirí níos fusa teacht uirthi. Ar deireadh, beidh feidhm ag carnadh déthaobhach iomlán maidir leis na táirgí sin. Leis an gcarnadh sin féadfar próiseáil arna déanamh ar ábhair theicstíle (i.e. fíodóireacht, sníomh etc.) a chur san áireamh sa phróiseas táirgeachta sa limistéar carntha.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí nós imeachta

*4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena leagtar síos *'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear ar na '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht i gceist. Áirítear air freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh "*tionchar cinntitheach a bheith acu ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*"[2].

*4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht é an Comhchoiste a bunaíodh le comhaontú, mar atá, an Comhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, den pháirt eile.

An gníomh a iarrtar ar an gComhchoiste a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis.

Leis an ngníomh atá beartaithe ní fhorlíontar ná ní leasaítear creat institiúideach an Chomhaontaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús substainteach dlí

*4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ábhar an ghnímh atá beartaithe, gníomh a bhfuiltear ag glacadh seasamh ina leith thar ceann an Aontais.

*4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe leis an gcomhbheartas tráchtála.

Dá bhrí sin, is é an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) CFAE an bunús substainteach dlí don chinneadh atá beartaithe.

### 4.3. Conclúid

Is é an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4) ba cheart a bheith ina bunús dlí don chinneadh atá beartaithe, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

---

2 Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

## 5. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Na leasuithe atá beartaithe, a bhaineann leis an tacar malartach rialacha tionscnaimh, tá siad bunaithe ar phrionsabal nuachóirithe de chuid na rialacha tionscnaimh chun iad a ailíniú leis na treochtaí nua a socraíodh le déanaí ag na Comhaontuithe Saorthrádála. Is gnéithe de shimpliú na nósanna imeachta custaim agus gnéithe den nuachóiriú is mó atá sna rialacha leasaithe i gCoinbhinsiún PEM, amhail:

Oibriú nó próiseáil leordhóthanach – Bonn meánluachanna: trí luach na n-ábhar neamhthionscnaimh agus an praghas díreach ón monarcha a ríomh ar bhonn meánluachanna, agus luaineachtaí an mhargaidh á gcur san áireamh, is mó an méid intuarthachta a bheidh ann d'onnmhaireoirí,

Cruthúnas ar thionscnamh: féadfar simpliú a dhéanamh air ós rud é nach n-úsáidfear ach cineál amháin deimhnithe tionscnaimh – EUR1,

Bailíocht an chruthúnais ar thionscnamh: déantar foráil leis maidir le níos mó trócaire i leith ghluaiseacht na dtáirgí tionscnaimh, tríd an mbailíocht a mhéadú ó 4 mhí go 10 mí).

Na hathruithe sin ar Choinbhinsiún PEM, níl aon tionchar intomhaiste acu ar bhuiséad an Aontais ós rud é go mbaineann a raon feidhme go príomha le héascú na trádála agus comhdhlúthú cleachtas nua-aimseartha ag údaráis chustaim. Déantar foráil leo maidir le héascú roghnach sna réimsí atá fós faoi inniúlacht na n-údarás gan tionchar a imirt ar shubstaint na rialacha (deighilt chuntasaíochta, cruthúnais ar thionscnamh, meánú). Déantar foráil le gnéithe áirithe den simpliú (amhail laghdú na gcritéar soithí) maidir le níos mó intuarthachta trí dheireadh a chur le coinníollacha atá deacair d'údaráis chustaim a rialú faoi láthair agus tagraíonn gnéithe eile de na gnéithe sin (neamhathrú) do lóistíocht gan difear a dhéanamh do shubstaint na rialacha.

Cé go leasaítear na forálacha maidir le haisíocaíocht dleachta, coinnítear ar bun an toirmeasc ar aisíocaíocht dleachta san earnáil teicstílí agus éadaigh, atá fós ar cheann de na príomhearnálacha trádála i limistéar PEM. Déantar códú ar an *status quo* leis na rialacha leasaithe tríd an toirmeasc atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le roinnt Páirtithe Conarthacha a choinneáil ar bun. Is é is aidhm don ghinearálú atá beartaithe ar an gcarnadh iomlán i limistéar PEM, na patrúin trádála, mar aon lena gcomhlántacht, atá ann faoi láthair laistigh den limistéar a neartú ach níor cheart, trína bhíthin, aon difear suntasach a dhéanamh do na dleachtanna custaim a bhailítear san Aontas ós rud é go mbeidh ar tháirgí atá faoi réir carnadh, go mbeidh orthu an ceanglas atá orthu féin maidir le breisluach sa limistéar a chomhlíonadh chun tairbhiú d'fhabhair, faoi mar atá sé faoi láthair.

Is modheolaíocht oiriúnaithe, go príomha, atá sna leasuithe ar na rialacha liosta in earnáil na n-earraí talmhaíochta agus na n-earraí talmhaíochta próiseáilte gan difear a dhéanamh do shubstaint na rialacha. Is i meáchan a shloinnfear na tairseacha reatha agus ní i luach, faoi mar a shloinntear iad faoi láthair. Tá an critéar sin níos oibiachtúla agus níos éasca a rialú ag údaráis chustaim. Simpliú na rialacha táirgeshonracha maidir le táirgí tionsclaíochta, ba cheart nach mbeadh ach tionchar teoranta ag an simpliú sin ar ioncaim ó dhleacht chustaim, toisc gur athruithe foinsithe, i gcuid mhaith cásanna, an toradh a bheidh orthu seachas méadú ar allmhairí fabhracha ó thíortha PEM, rud a chuirfí in ionad allmhairí a bhí faoi réir dleachtanna allmhairiúcháin roimhe sin. Ní féidir, dá bhrí sin, tionchar na n-athruithe sin ar ioncam ó dhleacht allmhairiúcháin a chainníochtú. Ó thaobh na trádála de agus ó thaobh thionchar na n-athruithe ar úsáid an chórais um fhabhair de, sna maoluithe a sholáthraítear sna rialacha nua leagtar béim ar an lánpháirtíocht eacnamaíoch sa limistéar iomlán, mar shampla san earnáil teicstílí ina bhfuil úsáid an chórais um fhabhair an-ard cheana féin. Na rialacha feabhsaithe

maidir le teicstílí agus carnadh, tá siad beartaithe, go príomha, chun feabhas a chur ar an lánpháirtíocht réigiúnach atá ann cheana agus ar infhaighteacht na n-ábhar laistigh den limistéar, agus ní chun cead a thabhairt tuilleadh ábhair neamhthionscnaimh a allmhairiú ó lasmuigh den limistéar.

## 6. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasófar an Comhaontú le gníomh ón gComhchoiste, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2020/0182 (NLE)

Togra le haghaidh

**CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhchoiste arna bhunú leis an gComhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le leasú ar Phrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú sin maidir le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin**

**TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,**

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa, de pháirt, agus Poblacht na hÍoslainne, den pháirt eile ("an Comhaontú"), a thabhairt i gcrích le Rialachán (CEE) Uimh. 2842/72[1] ón gComhairle agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Aibreán 1973.

(2) Áirítear sa Chomhaontú Prótacal 3, prótacal a bhaineann le sainmhíniú an choincheapa "táirgí tionscnaimh" agus modhanna comhair riaracháin. De bhun Airteagal 3 den Phrótacal sin, féadfaidh an Comhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 30 den Chomhaontú ("an Comhchoiste") forálacha an phrótacail sin a leasú.

(3) Déanfaidh an Comhchoiste Cinneadh a ghlacadh le linn an chéad chruinnithe eile a bheidh aige maidir le Prótacal 3 a leasú.

(4) Is iomchuí an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste a leagan síos, ós rud é go mbeidh an Cinneadh ón gComhchoiste ina cheangal ar an Aontas.

(5) Thug an tAontas an Coinbhinsiún réigiúnach maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara ("an Coinbhinsiún") i gcrích le Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm i ndáil leis an Aontas an 1 Bealtaine 2012. Leagtar síos leis forálacha maidir le tionscnamh earraí a thrádáiltear faoi na comhaontuithe ábhartha arna dtabhairt i gcrích idir na Páirtithe Conarthacha, forálacha a mbeidh feidhm acu gan dochar do na prionsabail a leagtar síos sna comhaontuithe sin.

(6) Foráiltear le hAirteagal 6 den Choinbhinsiún go ndéanfaidh gach Páirtí Conarthach bearta iomchuí chun a áirithiú go gcuirfear an Coinbhinsiún i bhfeidhm go

[1] Rialachán ón gComhairle an 19 Nollaig 1972 lenar cruthaíodh an Comhaontú idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus Poblacht na hÍoslainne agus lena nglactar forálacha maidir lena chur chun feidhme (IO L 301, 31.12.1972, lch. 1).

[2] Cinneadh 2013/93/AE ón gComhairle an 14 Aibreán 2011 maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin réigiúnaigh maidir le rialacha tionscnaimh fabhracha Uile-Eora-Mheánmhara (IO L 54, 26.2.2013, lch. 4).

héifeachtach. Chuige sin, ba cheart don Chomhchoiste cinneadh a ghlacadh lena dtabharfar isteach tagairt don Choinbhinsiún i bPrótacal 3 a ghabhann leis an gComhaontú.

(7) Mar thoradh ar an bplé maidir leis an gCoinbhinsiún a leasú, tá tacar nua rialacha tionscnaimh atá nuachóirithe agus níos solúbtha le hionchorprú sa Choinbhinsiún. Tá sé curtha in iúl ag an Aontas agus ag an Íoslainn gur mian leo na rialacha nua a chur i bhfeidhm go déthaobhach a luaithe is féidir, ar bhonn malartach i dteannta na rialacha atá ann faoi láthair agus iad ag feitheamh le toradh deiridh an phróisis leasaithe.

(8) Sa limistéar carntha ina bhfuil Stáit Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE), Oileáin Fharó, an tAontas Eorpach, an Tuirc, na rannpháirtithe sa phróiseas Cobhsaíochta agus Comhlachais, Poblacht na Moldóive, an tSeoirsia agus an Úcráin, ba cheart an fhéidearthacht maidir le deimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó dearbhú tionscnaimh a úsáid in ionad deimhnithe gluaiseachta Eora-Mheánmhara nó dearbhú tionscnaimh Eora-Mheánmhara, de mhaolú ar fhorálacha an Choinbhinsiúin i gcás carnadh trasnánach i measc na gcomhpháirtithe sin, ba cheart an fhéidearthacht sin a choinneáil ar bun,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Beidh an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais sa Chomhchoiste bunaithe ar dhréachtghníomh an Chomhchoiste a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Dírítear an Cinneadh seo chuig an gCoimisiún.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*